

Fiosrúchán maidir le 12 sárú Facebook i ndáil le sonraí pearsanta

(Tagairt Fiosrúcháin an DPC.: IN 18-11-5)

Dáta an Chinnidh: 15 Márta 2022

Ghlac an DPC le cinneadh, lena ngearrtar fíneáil €17 milliún ar Meta Platforms Ireland Limited (Facebook Ireland Limited roimhe seo) (“Meta Platforms”).

Rinne an DPC fiosrúchán i ndiaidh an chinnidh ar shraith de 12 fhógra sáraithe sonraí a fuarthas i dtréimhse sé mhí idir an 7 Meitheamh 2018 agus an 4 Nollaig 2018. Scrúdaíodh san fhiosrúchán a oiread agus a chomhlíon Meta Platforms ceanglais an GDPR faoi Airteagal 5(1)(f), 5(2), 24(1) agus 32(1) maidir le sonraí pearsanta a bhaineann leis an 12 fhógra maidir le sárúithe a phróiseáil.

Mar thoradh ar an bhfiosrúchán, fuair an DPC amach gur sháraigh Meta Platforms Airteagal 5(2) agus 24(1) den GDPR. Fuair an DPC amach gur theip ar Meta Platforms bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur i bhfeidhm, rud a chuirfeadh ar chumas Meta Platforms na bearta slándála a léiriú go héasca, bearta a cuireadh i bhfeidhm i gcleachtas chun sonraí úsáideoirí an AE a chosaint, i gcomhthéacs an dá shárú dhéag i ndáil le sonraí pearsanta.

Mar gheall go raibh próiseáil faoi scrúdú i gceist le próiseáil “trasteorann”, bhí cinneadh an DPC faoi réir an phróisis comhchinnteoireachta atá leagtha amach in Airteagal 60 den GDPR agus bhí údaráis mhaoirseachta uile na hEorpa fostaithe mar chomhchinnteoirí. Cé gur tarraingíodh anuas agóidí maidir le dréacht-chinneadh an DPC in dhá údarás maoirseachta na hEorpa, thángthas ar chomhaontú trí thuilleadh rannpháirtíochta idir an DPC agus na húdaráis mhaoirseachta ábhartha. Dá réir sin, léirítear i gcinneadh an DPC tuairimí coiteanna an DPC agus a chomhúdaráis maoirseachta ar fud an AE.